

Ráiteas Bhaile Steach Maoilín

1.0 Réamhrá

Soláthróidh an ráiteas scríofa seo cur síos gairid ar agus stráitéis fhorbartha do Steach Maoilín. Ullmhófar Plean Limistéir Áitiúil mionsonraithe don bhaile le linn shaolré an Phlean seo.

1.0 Comhthéacs/Carachtar an Bhaile

Suite laistigh de Cheantar Bardasach Chill Dhéagláin, is baile beag é Steach Maoilín suite in oirthear an Chontae, an-ghar don teorann le Contae Bhaile Átha Cliath. D'fhorbair an baile mar lonnaíocht chomaitéireachta mar gheall ar a chóngaracht do Bhaile Átha Cliath go príomha, agus na naisc bóithre agus iarnróid tríd an Mótarbhealach M1 Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste agus Stáisiún Traenach Bhaile Mhic Gormáin. Tá go leor nasc ann freisin le lárionad ainmnithe forbartha Dhroichead Átha ar an taobh ó thuaidh agus leis an mbaile mór, Baile Brigín san oirdheisceart.

Feidhmíonn an baile mar lárionad áitiúil seibhísí ach mar gheall ar chóngaracht na lonnaíochta do bhailte ar nós Baile Brigín agus Droichead Átha, tá réimse na seirbhísí atá ar fáil teoranta.

Bhí tionchar ag an Ailbhine ar an taobh ó dheas agus ag an mótarbhealach ar an taobh thoir ar fhorbairt Steach Maoilín, agus mar gheall air sin tá forbraíocht an bhaile dírithe ar an taobh ó thuaidh de Bhóthar Bhaile Mhic Gormáin.

Is suíomh tábhachtach é Páirc Ghnó City North i dtaobh na fostaíochta sa cheantar ach is fadhb é an ceangal idir an baile agus an Pháirc Ghnó mar níl aon nasc díreach bóthair ann.

Tá scata áiseanna pobail ar Bhóthar Chnoc an Choiligh a bhfuil Scoil Naomh Pádraig agus Club CLG Naomh Pádraig. Tugann sé seo fócas láidir pobail don chuid seo den bhaile.

Tá forbraíocht chónaitheach sa bhaile dírithe in eastáit chónaitheacha ar an taobh thiar de Bhóthar Chnoc an Choiligh.

Áit san Ordlathas lonnaíochta	Baile féinchothaithe	
Daonra	3,361 duine i nDaonáireamh 2016 3,130 duine i nDaonáireamh 2011	Athrú céatadán 2011 go 2016 méadú 7.3%
Leithdháileadh Teaghlaigh faoin gCroístraitéis 2020-2026	290 aonad	
Daonra 2026	3,861	
Aonaid Tithíochta Gheallta Neamhthógtha	215 aonad	
Oibríthe Cónaitheacha 2016	1,497	
Líon Iomlán Post 2016	425	

Poist: Cóimheas an Fhórsa Saothair 2016	0.28
Dlús molta forbairtí amach anseo	Suas le 25 aonad/heic
Áiseanna Oideachais	Scoil Naomh Pádraig agus 4 áis chláráithe do Chúram Leanaí agus Montessori. Níl aon mheánscoil sa bhaile.
Saoráidí Pobail	Tailte Chlub CLG Naomh Pádraig, Ionad Pobail, Eaglais, Oifig an Phoist,
Limistéir Chaomhantais Ailtireachta	Níl aon Limistéar Caomhantais Ailtireachta suite sa bhaile.
Struchtúir Chosanta	Tá 5 struchtúr cosanta sa bhaile.
Seirbhísí - Seirbhísí & Toilleadh Uisce agus Fuíolluisce	Toilleadh teoranta in STUF Steach Maoilín, is tosaíocht é a uasgrádú. Toilleadh teoranta sa soláthar uisce go Steach Maoilín a fhaightear ó scéim sholáthar uisce Oirthear na Mí/Stáisiún Cóireála Uisce Steach Luíne.
Measúnacht Straitéiseach ar Phriacal Tuile	Measúnú Straitéiseach ar Phriacal Tuile de dhíth. Feictear Crios A & B maidir le Priacal Tuillte laistigh den bhaile mar áiteanna a bhfuil priacal tuillte ann ón Ailbhine.
Láithreáin Natura 2000	Níl aon láithreán Natura 2000 laistigh de theorainn an phlean.

2.0 Fís

“Chun forbairt inmharthana Steach Maoilín a chur chun cinn agus a fhorbairt mar Bhaile Fáis Inmharthana a éascú trí tacaíocht a thabhairt don ghnó áitiúil agus don fhorbairt eacnamaíochta, agus trí deiseanna a aithint a sholáthródh áiseanna agus saoráidí níos fearr.”

3.0 Deiseanna

- Tá acmhainneacht ann d’fhorbraíocht eacnamaíochta mar gheall ar shuíomh straitéiseach an bhaile ar chonair Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste a rachaidh i ngleic le leibhéal comaitéireachta amach.
- Cabhróidh forbairt agus neartú Pháirc Ghnó City North le poist a chruthú.
- Mealltacht lár an bhaile a threisiú chun gnólachtaí áitiúla a choinneáil ann agus forbraíocht amach anseo a spreagadh.
- Ceangal treisithe - tréscailteacht agus ceangal laistigh den bhaile le haghaidh coisithe, rothaithe agus feithiclí, an áit idir Bóithre Shruthán an Airgid agus Chnoc an Choiligh, agus Páirc Ghnó City North agus baile Steach Maoilín.

- Acmhainneacht le haghaidh ghréasán Bhonneagair Ghlais – Forbairt nasc ghlais a éascú laistigh den cheantar ainmnithe cónaitheach ar an taobh thiar thuaidh den bhaile agus conair saoráide a éascú cois bhruach thuaidh na hAilbhine, ag cur foráil ann le haghaidh chlós súgartha pobail i suíomh oiriúnach, agus ceangail chúí leis an mbaile a chinntiú.

4.0 Straitéis Úsáid Talún

Sa straitéis forbartha do Steach Maoilín díreofar ar an lonnaíocht a fhorbairt mar ionad áitiúil seirbhíse agus fostaíochta.

Tá Campas Gnó na Cathrach Thuaidh suite go straitéiseach amach ón M1 ag Acomhal 7 ach mar gheall ar easpa nasc bóthair díreach ó Steach Maoilín leis an gcampas cuireadh bac ar shineirge a fhorbairt idir an baile agus an crios fostaíochta seo. Leanfaidh an Plean seo ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta d'fhoráil cheangal bóthair a bhfeabhsódh ceangal agus tréscailteacht sa bhaile agus lonnaíocht níos inmhathana a chruthú.

Gné bhunúsach de straitéis fáis don bhaile ná infheistíocht i seirbhísí bonneagair. Tá an stáisiún cóireála fuíolluisce ag oibriú ar leibheál a acmhainneachta agus tá sé ag cur srianta ar fhorbairt na lonnaíochta. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair go dlúth le hUisce Éireann chun réiteach fadtéarmach a aimsiú maidir leis an bhfuíolluisce sa bhaile a sholáthródh an toilleadh atá ag teastáil chun fás a éascú.

Mar chuid den fhás cónaitheach sa bhaile beidh an tógáil lasmuigh de na tailte idir an M1 agus Bóthar Chnoc an Choiligh a bhfuil dhá phársa talún ar fáil don fhorbraíocht chónaitheach.

Ina theannta seo ta deiseanna le haghaidh forbraíochta beaga inlíonta i lár an bhaile agus i gceantair chónaitheacha bunaithe.

4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Patrún stairiúil forbatha Steach Maoilín ná patrún líneach réadmhaoine aonair ar an taobh thuaidh agus theas de Bhóthar Bhaile Mhic Gormáin, chomh maith leis an bpatrún forbartha le déanaí a bhfuil forbraíochtaí cónaitheacha ann a bhfuil meascán chineálacha tithe ann lena n-áirítear réadmhaoine scoite, réadmhaoine leathscoite, agus réadmhaoine sraithe.

Díreoidh an fhorbraíocht chónaithe sa bhaile sa todhchaí ar chomhdhlúthú agus críochnú ceaduithe atá ar fáil. Beidh an fás seo dírithe in dá cheantar chónaitheacha ar an taobh theas de Champas Gnó City North. Tá ceadú ar fáil le haghaidh 205 aonad ar na tailte in aice le Club CLG Naomh Pádraig a ceadaíodh in 2018. Agus é seo á scríobh ní raibh aon obair tosaithe ar an fhorbraíocht seo.

Tá tailte inlíonta agus athfhorbraíochta nach n-úsáidtear sa bhaile a bhfuil an acmhainneacht ann iad a fhorbairt chun críche cónaithe.

Ba cheart go gcuimseodh aon fhorbairt meascán cúí de thithíocht a fhreastalaíonn ar riachtanais an phobail iomláin.

4.2 Geilleagar agus Fostaíocht

Is lárionad miondíola Leibhéal 4 é Steach Maoilín in ordlathas Mhiondíola an Chontae a dhéanann iarracht seirbhísí miondíola áitiúla / comharsanachta a chur ar fáil, a fhreastalaíonn ar an daonra áitiúil amháin. Mar gheall ar shuíomh Steach Maoilín san ordlathas miondíola agus a chóngaracht do lárionad seirbhíse Bhaile Brigín, beidh réimse na seirbhísí miondíola a sholáthraítear i lár an bhaile teoranta. Mar sin de, cuirfear an bhéim ar chomhdhlúthú lár an bhaile in ionad ar a fhorleathnú.

Bhí forbraíocht tráchtála comhdhlúthaithe ann le déanaí i lár an bhaile i bhfoirm fhoirgnimh dhá agus trí stór, agus líon aonad sna foirgnimh seo fós folamh. Leathnaíonn criosú lár an bhaile atá ann cheana ar feadh achair shuntasacha ar an tSráid Mhór, a bhfuil líon láithreán deiseanna agus inlíonta lár an bhaile, a chuireann deiseanna ar fáil d'úsáidí tráchtála agus cónaitheacha i lár an bhaile.

Is ionad fostaíochta áitiúil é Steach Maoilín a fhreastalaíonn ar cheantar Oirthear na Mí. Tá béim ar sholáthar láithreáin tionsclaíochta seirbhísithe agus aonaid gorklainne chun freastal ar riachtanas an daonra áitiúil agus an cheantair máguaird. Is féidir na láithreáin seo a chur ar na tailte fostaíochta atá ann cheana i bPáirc Ghnó City North a bhfuil spás ann do tuilleadh forleathnaithe. Is láithreán mealltach é suíomh na Páirce Gnó, a bhfuil óstán le háiseanna comhdhála ann, ar an M1, Conair Eacnamaíochta idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste, le haghaidh infheistíochta mar gheall ar a naisc iompair le hionaid fáis réigiúnda agus náisiúnta.

4.3 Bonneagar

Soláthraíonn Scéim Soláthair Uisce Oirthear na Mí, a fhreastalaíonn ar cheantar mór, uisce do Steach Maoilín. Is í an phríomhfhoinsé uisce ná Ionad Cóireála Uisce Steach Lúine in aice le Dún Uabhair. Tá an toilleadh sa soláthar uisce teoranta toisc nach mór smaoineamh ar na ceaduithe suntasacha pleanála atá ar fáil le haghaidh aonad cónaitheach iomadúil a ceadáíodh sa cheantar timeall ar Dhroichead Átha, Cill Dhéagláin, Ráth Tó, An Inse / Baile an Bhiataigh agus Damhliag ach go háirithe.

Freastalaíonn stáisiún cóireála fuíolluisce Steach Maoilín an baile i láthair na huairé. Dearadh an stáisiún seo chun freastal ar dearadh toillte de 2,300 coibhéis daonra (CD) agus faoi láthair níl ach toilleadh teoranta ar fáil.

Tacóidh an Plean seo le réiteach fadtéarmach a aithint maidir le cóireáil an fhuíolluisce sa bhaile, i gcomhchomhairle le hUisce Éireann, a sholáthródh an toilleadh riachtanach chun fás a éascú.

4.4 Gluaiseacht

Cé go bhfreastalaíonn Acomhal 7 den Mhótarbhealach M1 ar an mbaile níl aon nasc díreach chuig an mbaile ón mótarbhealach. Ina ionad seo ní mór do chónaitheoirí taisteal ar chor bealaigh ar an sean N1 (R132), 5.5km ar fhad. Cé nach bhfuil aon nasc díreach ag an mbaile leis an mótarbhealach, tá nasc díreach ag Campas Gnó City North. Mar sin féin, níl nasc ag an gCampas leis an mbaile, seachas conair oidhreacht a d'fhorbair úinéirí an óstáin. Is cuspóir den phlean é uasghrádú féideartha Acomhal 7 M1 a chur chun cinn chun a thuilleadh a fheabhsú lena n-áirítear éascú rochtain fheithicleach chuig / ó Steach Maoilín trí Champas Gnó City North chuig an Acomhal M1.

Freastalaíonn an stáisiún traenach ag Baile Mhic Gormáin, 4.5km ar fhad, ar Steach Maoilín faoi láthair, ach níl aon córas poiblí bus ann, áfach. Freastalaíonn oibreoir príobháideach bus ar Pháirc Ghnó City North agus ar an mbaile le bealach trí Bhaile Mhic Gormáin agus Bhaile Brigín chuig cathair Bhaile Átha Cliath, ceithre huair in aghaidh an lae. Soláthraíodh cosáin agus bealaí rothaíochta ag nascadh Steach Maoilín le Baile Mhic Gormáin agus déanfaidh an Chomhairle iarracht an comhshaol rothaíochta a nascann Steach Maoilín leis an stáisiún traenach agus na stadanna bus i mBaile Mhic Gormáin a fheabhsú.

An fhís iompair do Steach Maoilín ná an ceangal a fheabhsú laistigh den bhaile agus idir an baile agus Campas Gnó City North agus Acomhal 7. Ní mór go mbeadh tús áite ag feabhsú na háiseanna coisithe agus rothaíochta laistigh den bhaile agus idir an Pháirc Ghnó agus Baile Mhic Gormáin. Is tosaíocht fós é ceangal coisithe agus rothaíochta a sholáthar idir forbraíocht chónaitheach ar an taobh thuaidh den bhaile agus le háiseanna pobail atá ann cheana ar Bhóthar Chnoc an Choiligh.

4.5 Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

Tá 3 shainchomhartha seandálaíochta sa bhaile lena n-áirítear Cró Eaglasta (SMRS Uimh. Thag.: ME02305), Suíomh an Bhotháin (SMRS Uimh. Thag.: ME02304) agus eaglais i lár an tsráidbhaile (SMRS Uimh. Thag.: ME01584). Is cuspóir é na gnéithe seo a chaomhnú agus a chosaint.

Sonraíonn an Taifead ar Dhéanamhais Chosanta (TDC) 5 dhéanamhas i Steach Maoilín lena n-áirítear Teach Stadalt (uimhir thagartha MH034 102) agus an Eaglais Chaitliceach (uimhir thagartha MH034 104).

Maidir le hoidhreacht nádúrtha, níl aon suíomh ainmnithe, lena n-áirítear Limistéir Chaomhantais Speisialta Fhéideartha (LCSf), Limistéir Chosanta Speisialta (LCS) nó Limistéir Oidhreachta Nádúrtha mholta (LONm) laistigh de theorann forbraíocht Steach Maoilín. Tá roinnt crann aibí agus mealltach sa bhaile a shonraíonn an tírdheach agus aithnítear iad chun iad a chosaint.

Déanann an stráitéis oidhreachta agus foirgníochta iarracht cinnte a dhéanamh go mbítear meas ar oidhreacht nádúrtha agus fhoirgníochta an bhaile. Ina thaobh seo beidh imeall glas á bhunú timpeall an limistéar a bhfuil go leor foirgneamh ann i Steach Maoilín agus béim ar na moltaí tírdhreachaithe maidir leis an bhforbraíocht nua ag díriú ar mholtaí do struchtúr tírdhreacha an bhaile a dheisiú agus a neartú.

4.6 Bonneagar Glas

Laistigh de Steach Maoilín tá líon gnéithe bhonneagair ghlais ar féidir a rangú ina dtéamaí éagsúla bonneagair glais, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht; páirceanna, spás oscailte agus fóillíocht; bainistíocht inmharthana uisce; oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta; agus tírdhreach. Sonraíodh líon gnéithe sna codanna roimhe seo sa phlean, lena n-áirítear an Ailbhine, na tailte nua-thógtha CLG, struchtúir chosanta agus séadchomharthaí taifeadta. I measc na ngnéithe eile a bhfuil tábhacht ag baint leo i mbithéagsúlacht an bhaile a chaomhnú tá Lána an Uisce ag cúl fhothrach na heaglaise agus na reilige. Déan an Stráitéis Bonneagair Glais do Steach Maoilín iarracht cinnte a dhéanamh oidhreacht nádúrtha agus foirgníochta an bhaile a chosaint agus a neartú. Is é mar aidhm aige an bhithéagsúlacht laistigh de limistéar an phlean a chosaint agus a chaomhnú, chomh maith leis na tailte máguaird, limistéir charachtar an tírdhreacha agus na flóra agus fána agus chun soláthar do riachtanais fóillíochta éighníomhacha agus gníomhacha úsáideoirí.

4.7 Bonneagar Sóisialta

An bonneagar sóisialta is tábhachtaí sa bhaile ná na grúpaí agus na heagraíochtaí pobail agus tá an t-ádh ag Steach Maoilín go mbaineann sé leas as go leor grúpaí agus cumainn gníomhacha, lena n-áirítear Coiste Bhailte Slachtmhara Steach Maoilín, Coiste na Reilige agus an Club CLG a sholáthraíonn áiseanna gníomhacha spóirt. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair leis na grúpaí agus na cumainn seo chun na háiseanna riachtanacha sóisialta agus pobail seo a thabhairt chuig an mbaile.

Cé go mbaineann baile Steach Maoilín leas as spás oscailte éighníomhach agus gníomhach, lena n-áirítear na tailte CLG, níl aon pháirc poiblí ná clós súgartha laistigh den bhaile. Tá na limistéir de spás oscailte a shonraítear gan saothrú a bheag nó a mhór, lena n-áirítear 7 heicteár de thalamh ar bhruach thuaidh na hAilbhine. Is príomhthosaíocht den phlean é cosán a sholáthar cois na hAilbhine agus forbraíocht na dtailte seo chun spás oscailte gníomhach agus éighníomhach a sholáthar chun áis atá ag teastáil go géar a chur at fáil don bhaile, lena n-áirítear clós súgartha poiblí.

Tá sé tábhachtach go mbeidh ceangal fós ann idir an forbraíocht ar an tSráid Mhór leis an Ailbhine, agus mar sin de, ag cinntiú ceangal agus tréscailteacht chuí, chuig an bpáirc poiblí sa toadhchá. Sonraíodh tailte suite ar an taobh thiar den bhaile ar an taobh thoir de Theach Stadalt le haghaidh fhorbairt fhéideartha de chlós súgartha poiblí sa toadhchá. Ba chóir go gceadódh aon fhorbraíocht sa cheantar seo do rochtain ar an gconair chois na hAbhann ag céim an deartha.

Tá an reilig atá ann cheana agus atá suite laistigh de lár an bhaile rialaithe agus tá sé in aice le Séadchomhartha Taifeadta (eaglais). Mar gheall air seo, ní féidir é a fhorleathnú go héasca. Beidh sé mar chuspóir ag an bPlean seo tailte cuí a sonrú chun reilig nua a chur ann ag brath ar dhéanamh na dtástálacha cuí ar fad.

4.8 Dearadh Uirbeach agus Réimse Poiblí

Tá stoc tithíochta nua i Steach Maoilín ar ardchaighdeán a bheag nó a mhór. Mar sin féin tá struchtúr uirbeach lag mar thoradh ar leagan amach na bhforbraíochtaí seo a bhfuil naisc laga ann agus easpa tréscailteachta a chuireann le scaradh tithíochta, áiseanna pobail, scoileanna agus fhorbraíochtaí tráchtála. Ina theannta sin, teipeann ar na forbraíochtaí nua, i go leor cásanna, chomhthuisicint áite nó féiniúlachta a sholáthar mar gheall ar an easpa áiseanna a chuirtear ar fáil.

Ní mór do gach forbraíocht nua i Steach Maoilín soláthar nó feabhsú príomhbhonneagar nó áiseanna pobail a éascú, naisc do choisithe agus ceangal le forbraíochtaí agus áiseanna in aice láimhe ach go háirithe.

5.0 Cuspóirí Forbartha Baile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaitheacht. Ba chóir na Polasaithe agus na Cuspóirí seo a léamh mar aon leis na Polasaithe agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbraíochta in Imleabhar a hAon de Phlean Forbartha an Chontae

Is é beartas na Comhairle:

STA POL 1 Fás inmharthana Steach Maoilín a chur chun cinn agus a ról mar Baile Féinchothaithe agus lárionad seirbhísí áitiúla a chomhdhlúthú.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

Straitéis Tithíochta

STA OBJ 2 Cur i bhfeidhm Straitéis Lárnach Phlean Forbartha an Chontae a dhaingniú, chomh fada agus is féidir, trí chinntiú nach sáraítear an léithdháileadh tithíochta do Steach Maoilín mar a leagtar amach i dTábla 2.11, ag brath ar infhaighteacht na seirbhísí.

STA OBJ 3 Athfhorbairt láithreáin inlíonta thalamh cúil laistigh den bhaile a chuimsíonn úsáidí cónaitheacha a spreagadh.

Fostaíocht agus Eacnamaíocht

STA OBJ 4 Dlúthúsáid mheasctha lár an bhaile a chothabháil agus a neartú ina phríomhshuíomh le haghaidh seirbhísí miondíola agus tráchtála.

STA OBJ 5 Cuirfear cur chuige seicheamhach a glacadh maidir le forbairt inlíonta láithreán i lár an bhaile i dtús áite le haghaidh fhorbraíocht miondíola agus tráchtála roimh aon láithreán eile sa bhaile, ach amháin in imthosca eisceachtúla.

STA OBJ 6 Forbairt thailte fostaíochta a éascú ag an bPáirc Ghnó City North chomh maith le forbairt an bhóthar ceangail riachtanach ó na tailte seo chuig Bóthar Bhaile Mhic Gormáin.

Bonneagar

STA OBJ 7 Chun dul i gcomhairle agus chun tacaíocht a thabhairt d'Uisce Éireann i soláthar na seirbhísí uisce cúí chun teacht le riachtanais fhorbartha sa bhaile laistigh de thréimhse an Phlean a chinnteoidh gurbh fhéidir le Steach Maoilín a ról mar 'Baile Féinchothaithe' a chomhlíonadh.

STA OBJ 8 Priacal agus forbraíocht tuillte a bhainistiú i Steach Maoilín de réir na bpolasaithe agus na gcuspoirí a leagtar síos i gcuid 6.7.2 d'Imleabhar 1 i bPlean Forbartha an Chontae 'Priacal Tuillte a Bhainistiú'

Gluaiseacht

STA OBJ 9 Gréasán comhtháite bhealaí rothaíochta a sholáthar tríd an mbaile ina áiteanna cúí chun córais níos inmharthana iompair a chur chun cinn agus chun ceangal idir an baile agus Baile Mhic Gormáin a neartú.

- STA OBJ 10 Rochtain feithicleach a éascú go dtí/ón mbaile chuig úsáidí tráchtála agus fostaíochta ar thailte a aithnítear le E2 “Fiontar & Fostaíocht Ghinearálta” agus E3 “Stóráil & Dáileadh”, ar cuspóirí criosaithe um úsáid talaimh iad, a fhreastalódh ar, inter alia, bhaile Steach Maoilín agus rochtain ar achomhal Mhótarbhealach M1.
- STA OBJ 11 Leagan amach acomhal laistigh den bhaile a fheabhsú.
- STA OBJ 12 Soláthar cheangal do choisithe a éascú ó Bhóthar Shruthán an Airgid chuig Bóthar Chnoc an Choiligh trí cheantair ainmnithe chónaitheacha.

An Oidhreacht Cultúrtha agus Nádúrtha

- STA OBJ 15 Suíomh agus cúirtealáiste na reilige agus na heaglaise a chosaint laistigh de lár miondíola lár bhaile Steach Maoilín.
- STA OBJ 16 Na crainn a aithnítear lena gcaomhnú ar an Leárscáil Cuspóirí Chriosaithe Talamhúsáide a chosaint agus a chothabháil.
- STA OBJ 17 Soláthar chonair cois na hAilbhine a éascú.
- STA OBJ 18 ‘Nasc glas’ a fhorbairt tríd an mbaile le spásanna oscailte molta, agus iad atá ann cheana, a nascadh le forbraíochtaí molta, agus iad atá ann cheana.

Sóisialta

- STA OBJ 19 Soláthartha clós súgartha don bhaile a éascú ar thalamh a shonraítear ar an taobh thoir de Theach Stadalt, nó de rogha air sin ar thalamh criosaithe mar spás oscailte cois na hAilbhine.
- STA OBJ 20 Talamh oiriúnach a shonrú le haghaidh reilige nua agus é riachtanach ag brath ar chríoch na dtástálacha riachtanacha.
- STA OBJ 21 Forleathnú áiseanna pobail atá ann cheana a sholáthar ar thalamh timpeall Theach Stadalt, ag brath ar infhaighteacht na seirbhísí.

Dearadh Uirbeach

- STA OBJ 22 Inlónadh agus forbraíochtaí eile laistigh de lár an bhaile a éascú i gcomhthéacs a bhfiúntais i leith neartú na sráid-dreacha atá ann cheana agus na saoráidí radhairc i gcuid lárnach Steach Maoilín.